Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/1425

10.3.2025

**Breithiúnas na Cúirte Ginearálta an 22 Eanáir 2025 – Tes Electrical Electronic v EUIPO – Tes Touch Embedded Solutions (Xiamen) (TES)**

**(Cás T-517/23)** [1]

***(Trádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh – Imeachtaí cúlghairme – Marc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh TES – Dul in éag páirteach – Fíorúsáid an mhairc – Cruthúnas ar fhíorúsáid – Airteagal 58(1)(a) agus (2) de Rialachán (AE) 2017/1001 – Fianaise arna tíolacadh den chéad uair os comhair na Cúirte Ginearálta)***

(C/2025/1425)

*Teanga an cháis: an Béarla*

## Páirtithe

*Iarratasóir:* Tes Electrical Electronic Corp. (Taipei, an Téaváin) (ionadaí: S. Bénoliel-Claux, Díodóir)

*Cosantóir:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (ionadaí: J. Ivanauskas, Gníomhaire)

*Páirtí eile os comhair an Bhoird Achomhairc de EUIPO, ag idiragairt os comhair na Cúirte Ginearálta:* Tes Touch Embedded Solutions (Xiamen) Co. Ltd (Xiamen, an tSín) (ionadaí: J. Wernicke, Dlíodóir)

## Ábhar

Lena chaingean de bhun Airteagal 263 CFAE, iarrann an t-iarratasóir go ndéanfaí an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 16 Bealtaine 2023 (Cás R 2250/2022-2) a neamhniú go páirteach agus a athrú go páirteach.

## An chuid oibríochtúil

1. Déantar an cinneadh ón Dara Bord Achomhairc d'Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) an 16 Bealtaine 2023 (Cás R 2250/2022-2) a neamhniú go páirteach agus a athrú go páirteach a mhéid a sheastar leis an achomharc a rinne TES Electrical Electronic Corp. leis an mBord Achomhairc sin in aghaidh chinneadh an Rannáin Cealúcháin an 21 Meán Fómhair 2022 a mhéid a bhaineann le cruthúnas ar fhíorúsáid mharc fíortha de chuid an Aontais Eorpaigh 'TES' a bhaineann le 'taifeadáin sonraí', 'tástálaithe inslithe' agus 'méadair pH' in Aicme 9;
2. Diúltaítear don chuid eile den chaingean.
3. Ordaítear do gach páirtí a chostais féin a íoc.

---

[1] IO C C/2023/66, 9.10.2023.